# COMHAIRLE

## CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

### an 17 Nollag 2003

### maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le forálacha áirithe de Choinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000 um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus de Phrótacal 2001 a ghabhann leis a chur i bhfeidhm

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 24 agus 38 de,

De bhrí an mhéid seo a leanas:

(1) Ar an 29 Bealtaine 2000 bhunaigh an Chomhairle, i gcomhréir le hAirteagal 34(2)(d) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, an Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh [1] (dá ngairtear 'Coinbhinsiún AE um Chúnamh Frithpháirteach' anseo feasta).

(2) Cinneann Airteagal 2(1) den Choinbhinsiún sin na forálacha sin de arb éard iad forálacha a fhorbraíonn acquis Schengen de réir bhrí Chomhaontú an 18 Bealtaine arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh le Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le hacquis Schengen [2] a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt.

(3) Ar an 16 Deireadh Fómhair 2001, bhunaigh an Chomhairle, i gcomhréir le hAirteagal 34(2)(d) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, an Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh [3] (dá ngairtear 'Prótacal AE um Chúnamh Frithpháirteach' anseo feasta).

(4) Cinneann Airteagal 15 den Phrótacal sin gurb éard é Airteagal 8 airteagal a fhorbraíonn acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh le Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le hacquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt.

(5) De bhun théarmaí Airteagal 8 den Chomhaontú sin, tiocfaidh Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua chun bheith faoi cheangal ag inneachar na bhforálacha sin de Choinbhinsiún AE um Chúnamh Frithpháirteach ina gcaidreamh frithpháirteach agus ina gcaidreamh le Ballstáit an Aontais Eorpaigh.

(6) Tar éis Chinneadh ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 ag údarú d'Uachtaránacht na Comhairle caibidlíocht a oscailt d'fhonn forálacha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla a chur i bhfeidhm ar bhonn Airteagail 24 agus 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, rinne an Uachtaránacht, a raibh cúnamh ón gCoimisiún aici, comhaontú a chaibidil le Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua a dtiocfaidh dá réir inneachar na bhforálacha suibstaintiúla eile de Choinbhinsiún AE um Chúnamh Frithpháirteach agus de Phrótacal AE um Chúnamh Frithpháirteach chun a bheith infheidhme maidir le Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua ina gcaidreamh frithpháirteach agus ina gcaidreamh le Ballstáit an Aontais Eorpaigh.

(7) Is cóir an Comhaontú sin a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir a thabhairt i bhfeidhm iarbhír,

---

[1] IO C 197, 12.7.2000, lch. 1.
[2] IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.
[3] IO C 326, 21.11.2001, lch. 1.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le forálacha áirithe de Choinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000 um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus de Phrótacal 2001 a ghabhann leis a chur i bhfeidhm, faoi réir Cinnidh ón gComhairle maidir leis an gComhaontú sin a thabhairt i gcrích.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Údaraítear leis seo d'Uachtaránacht na Comhairle an duine/na daoine a ainmniú atá cumhachtaithe chun an Comhaontú a shíniú faoi réir a thabhairt i gcrích.

*Airteagal 3*

Foilseofar an Cinneadh agus an Comhaontú atá i gceangal leis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Nollag 2003.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

G. ALEMANNO